# Beartas Ghradaim KPMG Leabhair Pháistí Éireann

# KPMG Children's Books Ireland Awards



the arts council
an chomhairle ealaíon
cistiú na healaíona

KPMG

International Literature Festival Dublin

arts council of Northern Ireland
LOTTERY FUNDED

leabhair pháistí éireann
ag cothú léitheoirí

Faigheann **Leabhair Pháistí Éireann/Children's Books Ireland** tacaíocht airgeadais ó **An Chomhairle Ealaíon/The Arts Council**, 70 Merrion Square, Dublin 2, Ireland

**Leabhair Pháistí Éireann/Children's Books Ireland**
First Floor, 17 North Great Georges Street, Dublin 1, D01 R2F1
Telephone: 00 353 1 8727475
info@childrensbooksireland.ie
www.childrensbooksireland.ie

**Lean muid!**

@KidsBooksIrel
@kidsbooksirel
@childrensbooksireland
Children's Books Ireland
@kidsbooksirel
@childrensbooksireland.ie

**childrensbooksireland.ie**
**#EveryChildAReader**

An chéad dréacht den pholasaí scríofa ar an:
1990

Uasdhátú déanta ar an bpolasaí ar an:
May 2024

Uasdhátú le déanamh ar an bpolasaí faoin:
May 2027

# Beartas Ghradaim KPMG Leabhair Pháistí Éireann

LEABHAIR PHÁISTÍ ÉIREANN

www.childrensbooksireland.ie

leabhair
pháistí
éireann
ag cothú léitheoirí

## RÚN AN BHEARTAIS

Cuimsíonn an beartas seo na rialacha agus rialacháin ar fad a bhaineann le Gradaim KPMG Leabhair Pháistí Éireann. Cuirtear san áireamh ann an creat le Gradaim KPMG Leabhair Pháistí Éireann a chur i bhfeidhm agus an próiseas iarratais.

## CUR SÍOS AR NA GRADAIM

Tá Gradaim KPMG Leabhair Pháistí Éireann (ar a dtugtaí Gradaim Leabhar na Bliana Leabhair Pháistí Éireann/Gradaim Leabhar na Bliana Bisto tráth) á reáchtáil ó 1990 i leith agus is iad seo na príomhghradaim do leabhair in Éirinn. Reáchtálann Leabhair Pháistí Éireann na gradaim ar bhonn bliantúil d'údair and do mhaisitheoirí a rugadh in Éirinn, atá ina gcónaí in Éirinn nó ar saoránaigh Éireannacha iad, agus tá na gradaim ar oscailt do leabhair Ghaeilge agus Bhéarla. Gach bliain, fógraítear an gearrliosta do na gradaim i mBéal Feirste i mí Feabhra agus fógraítear na buaiteoirí i mBaile Átha Cliath i mí Bealtaine i gcomhpháirt le *International Literature Festival Dublin*.

Is éard atá i gceist le Gradaim KPMG Leabhair Pháistí Éireann ná aitheantas agus meas a léiriú ar bharr feabhais i leabhair do dhaoine óga le húdair agus maisitheoirí Éireannacha, agus an barr feabhais sin a chur chun cinn. Is iad seo na gradaim is mó le rá in Éirinn agus is ceann den mhéid beag deiseanna atá ann le haitheantas náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaint amach d'údair agus do mhaisitheoirí Éireannacha.

Barr feabhais i leabhair do pháistí is ea an critéar uileghabhálach.

Beidh Gradaim KPMG Leabhair Pháistí Éireann ag ceiliúradh sé bliana is tríocha ar an bhfód sa bhliain 2026.

## ATHBHREITHNIÚ

Déanann painéal saineolaithe a dtugtar cuireadh dóibh athbhreithniú ar Bheartas Ghradaim KPMG Leabhair Pháistí Éireann gach trí bliana. Cuirfear aon leasú molta a thagann ón bpainéal seo os comhair bhord Leabhair Pháistí Éireann, a dhéanfaidh na leasuithe a fhaomhadh.

Déanann Feidhmeannas Leabhair Pháistí Éireann athbhreithniú bliantúil ar Ghnás Taiscthe Ghradaim KPMG Leabhair Pháistí Éireann agus ar Fhoirm Iontrála Ghradaim KPMG Leabhair Pháistí Éireann.

Le bheith daingnithe ag Bord Leabhair Pháistí Éireann: 20ú Bealtaine 2024

Sínithe: Dáta: 20ú Bealtaine 2024

(Madeleine Keane, Cathaoirleach Leabhair Pháistí Éireann)

| | |
|---|---|
| **NA GRADAIM** | Sé ghradam san iomlán a bhronntar:<br><br><u>Bronnann an painéal moltóireachta</u>:<br>Gradam Leabhar na Bliana – €6,000<br>Gradam Eilís Dillon do chéad leabhar do pháistí – €2,000<br>Gradam Onóra don Fhicsean – €2,000<br>Gradam Onóra don Mhaisiú – €2,000<br>Gradam Speisialta na Moltóirí – €2,000<br><br><u>Daoine óga a ghlac páirt i scéim na Moltóirí Sóisearacha a bhronnann:</u><br>Gradam na Moltóirí Sóisearacha – €2,000<br><br>Sa chás go bhfuil níos mó ná cruthaitheoir amháin ag teideal, roinnfear suim an ghradaim go cothrom. |
| **CRITÉIR LE BARR FEABHAIS A BHEITH AITHEANTA** | 1. Liteartha/ealaíonta – leabhar iontach do pháistí curtha le chéile, leagtha amach agus scríofa nó maisithe (nó an dá rud) go han-mhaith.<br>2. Meas – leabhar iontach do pháistí a mheallann páistí nó daoine óga, gan uasal le híseal a dhéanamh ná teacht i dtír ar an bpobal sin.<br>3. Suim – leabhar iontach do pháistí a spreagann suim leanúnach na léitheoirí a bhfuil sé dírithe orthu, agus a bhfuil siamsa ann dóibh.<br>4. Eispéireas – leabhar iontach do pháistí a thugann eispéireas aeistéitiúil, cruthaitheach, intleachta nó mothúchánach dá léitheoirí ar bhealach atá spreagúil agus sásúil, nach bhfuil leamh ná seanchaite, agus a fhorbraíonn nó a chuireann dúshlán faoi shaol inmheánach an léitheora, faoi thuiscint an léitheora ar a nádúr féin nó ar an domhan mór agus ar a pháirt féin sa domhan sin.<br><br>Cé go ndéanfar machnamh cuí ar dhearadh agus ar tháirgeadh, ní mheasfar gnéithe dá leithéid go mór i gcoinne leabhair atá thar barr seachas sin, ach go háirithe sa chás nach leabhar maisithe é. |
| **NA CRITÉIR CHÁILITHEACHTA** | Ag tosú i mí an Mhárta sula bhfógraítear na gradaim, iarrtar ar fhoilsitheoirí leabhair a chur isteach lena mbreithniú, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na critéir cháilitheachta:<br><br>1. Is gá gur céad eagrán é an leabhar, foilsithe idir an 1 Eanáir agus 31 Nollag den bhliain roimhe, i.e. is gá do leabhair a chuirfear san áireamh do na gradaim in 2027 a bheith foilsithe idir an 1 Eanáir agus 31 Nollag 2026, agus is gá iad a bheith curtha isteach faoin spriocdháta ainmnithe le go gcuirfear san áireamh iad.<br>2. Is féidir na leabhair a bheith foilsithe in Éirinn nó thar lear ach is gá go mbeidís ar fáil go forleathan sa mhargadh Éireannach, i.e. dáileadh mionsonraithe soiléir a bheith acu.<br>3. Is gá gur rugadh údair nó maisitheoirí in Éirinn, nó go bhfuil siad ina gcónaí in Éirinn go buan nó gur saoránaigh Éireannacha iad. Le cáiliú, is gá d'údair nó do mhaisitheoirí pas Éireannach a |

<table>
<tr><td></td><td>
bheith acu nó a bheith in ann ceart buan cónaithe nó saoránacht a léiriú.<br>
4. Is gá gur do pháistí nó do dhaoine óga a scríobhadh na leabhair, i.e. gur do léitheoirí suas le hocht mbliana déag d'aois a scríobhadh iad.<br>
5. Is gá do leabhair a bheith curtha isteach do na gradaim taobh istigh de dhá mhí ón lá ar foilsíodh iad.<br>
6. Is gá go mbeadh leabhair ar fáil go forleathan i siopaí leabhar in Éirinn agus ar díol don phobal i gcoitinne. Is gá go líonfaí isteach na mionsonraí dáileacháin ar an bhfoirm iarratais.<br>
7. Is gá go gcloífeadh leabhair le bunchaighdeáin phroifisiúnta maidir le foilsitheoireacht agus cló. Is gá go mbeadh eagarthóireacht phroifisiúnta déanta agus go gcloífí le coinbhinsiúin litrithe agus ghramadaí. Is gá do gach teideal uimhir bhailí ISBN a bheith aige.<br>
8. Is féidir le leabhair a bheith i mBéarla nó i nGaeilge.<br>
9. Is féidir leabhair fhicsin, neamhfhicsin nó filíochta a chur isteach.<br>
10. Is féidir le leabhair le cruthaitheoir atá básaithe a bheith incháilithe más rud é gur foilsíodh na leabhair laistigh de chúig bliana ó bhás an chruthaitheora. Is gá na sonraí seo a chur ar fáil agus an leabhar á chur isteach.<br>
11. Leabhair a scríobhadh nó a foilsíodh mar chuid de shraith, nó i bhformáid srathach, déanfar na leabhair sin a mheas astu féin agus is gá do gach leabhar seasamh mar shaothar iomlán as féin. Is gá do gach leabhar struchtúr neamhspleách a bheith aige agus gan a bheith ag brath ar eolas a bheith ag an léitheoir ó chodanna eile den tsraith.<br>
12. Níl téacsleabhair acadúla, aistriúcháin ná atheisiúintí incháilithe. Beidh leagan nua de théacs a measadh cheana incháilithe má tá baint ag cruthaitheoir beo Éireannach leis, áfach, i.e. úrscéal grafach bunaithe ar leabhar le húdar Éireannach.<br>
13. Beidh duanairí incháilithe faoi rogha an Phainéil, a fhad is gur ábhar de chuid na hÉireann go príomha atá i gceist, i.e. eagarthóir, scríbhneoirí srl.<br><br>
Nóta 1: Bronntar na gradaim seo le barr feabhais liteartha agus ealaíonta a aithint; níor cheart d'fhoilsitheoirí ach leabhair a mheasann siad a bheith sármhaith ar an mbonn seo a chur isteach.<br><br>
Nóta 2: Coimeádann Leabhair Pháistí Éireann an ceart acu féin aon teideal a chur san áireamh nó a chur as an áireamh do na gradaim.<br><br>
Nóta 3: Coimeádann Leabhair Pháistí Éireann an ceart acu féin eolas breise a iarraidh ón bhfoilsitheoir le cáilitheacht a mheas.<br><br>
Nóta 4: Ní féidir le Leabhair Pháistí Éireann leabhair a thabhairt ar ais don fhoilsitheoir.
</td></tr>
<tr><td>GNÁS TAISCTHE</td><td>Is gá d'fhoilsitheoirí foirm iontrála a líonadh do gach teideal aonair a chuirfear isteach. Eiseofar foirmeacha iontrála d'fhoilsitheoirí nuair a chuirfidh Leabhair Pháistí Éireann glaoch amach go luath sa bhliain roimh</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| | na gradaim. Is féidir foirmeacha iontrála a fháil faoi iamh sa doiciméad seo freisin.<br><br>Ní mór gach cuid den fhoirm a chomhlánú agus **<u>sé chóip déag</u>** de gach leabhar a chur in éineacht leis.<br><br>Moltar d'fhoilsitheoirí leabhair a chur isteach chomh luath agus is féidir le cinntiú go mbeidh go leor ama ag na moltóirí le hiad a léamh. Ní mór leabhair a chur isteach do na gradaim seo laistigh de 2 mhí óna bhfoilsiú i.e. is gá teideal a fhoilsítear ar an 12ú Aibreán 2026 a bheith faighte ag Leabhair Pháistí Éireann faoin 12ú Meitheamh 2026. Is fearr teidil a chur isteach a luaithe a fhoilsítear iad.<br><br>Ní mór do leabhair seoladh a ainmneoidh Leabhair Pháistí Éireann a shroicheadh faoin dáta sonraithe – 30ú Meán Fómhair den bhliain roimh fhógairt na ngradam.<br><br>Ní ghlacfar le haighneachtaí déanacha nó neamhiomlána.<br><br>Is féidir foirmeacha a fháil freisin ó publications@childrensbooksireland.ie |
| **AN PAINÉAL MOLTÓIREACHTA** | Gach bliain roghnaíonn Leabhair Pháistí Éireann Cathaoirleach do na gradaim, agus i gcomhar leo, cuireann siad painéal moltóirí le chéile a bhfuil saineolas agus suim acu i leabhair do pháistí.<br><br>Is saineolaithe iad baill an phainéil i réimsí éagsúla, agus tugtar údarás iomlán dóibh leabhair a mheas, a chur ar an ngearrliosta, agus buaiteoirí a roghnú as na leabhair a sheoltar isteach. Ba chóir go mbeadh idir seachtar agus dháréag ar an bpainéal, agus leibhéal cuí Gaeilge ag ceathrar acu, saineolas ar fhicsean ag triúr agus saineolas ar léaráidí/leabhair phictiúr ag triúr. Ba chóir go mbeadh beirt mholtóirí óga ar an bpainéal freisin – mic léinn idirbhliana de ghnáth a bhfuil spéis acu sa léitheoireacht agus a bhfuil ar a gcumas a dtuairimí ar na leabhair a chur in iúl. Caithfidh duine de na moltóirí óga seo a bheith líofa sa Ghaeilge. Déanann Leabhair Pháistí Éireann a ndícheall moltóir idirnáisiúnta a bheith ar an bpainéal nuair a cheadaíonn an buiséad dóibh agus ar an gcoinníoll gur féidir duine oiriúnach a aithint atá ar fáil le bheith rannpháirteach. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh saineolas a bheith ag moltóirí i níos mó ná réimse amháin. Is féidir le moltóirí tarraingt siar as teidil áirithe a phlé má bhíonn na teidil sin lasmuigh dá réimsí saineolais.<br><br>Tugtar cuireadh do mholtóirí a bheith ar an bpainéal nó d'fhéadfadh go mbeadh glaoch amach poiblí ann ar mhaithe le moltóirí le réimsí áirithe saineolais a aimsiú.<br><br>Ba cheart do mholtóirí cuid de na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh:<br>• Eolas agus tuiscint a léiriú ar réimse na litríochta do pháistí,<br>• Cáilíocht aitheanta a bheith acu i réimse na litríochta do pháistí,<br>• Feasacht a léiriú ar theicnící agus na meáin léirithe, amharclitearthacht, dearadh, stíleanna scríbhneoireachta agus eagarthóireacht mar a bhaineann siad le litríocht do pháistí, |

| | |
|---|---|
| | • A bheith mar bhall den spriocmhargadh maidir leis na leabhair atá á mheas, i.e. gur leanbh nó duine óg iad.<br><br>Is féidir le daoine aonair trí bliana a chaitheamh ar an bpainéal, mar mholtóir nó mar Chathaoirleach nó i meascán den dá ról (m.sh. dhá bhliain mar mholtóir agus bliain amháin mar Chathaoirleach). Ní gá gur blianta as a chéile iad seo. Ní mór do mholtóir nó Cathaoirleach trí bliana a chaitheamh lasmuigh den phainéal sula mbeadh cead acu trí bliana eile a chur isteach, bíodh na blianta sin as a chéile nó ná bíodh. Má tá blianta curtha isteach ag moltóir nár bhlianta as a chéile iad, déanfar an bhearna seo a chomhaireamh ón mbliain dheireanach a raibh siad ar an bpainéal. Sé bliana san iomlán an téarma a fhéadfaidh duine amháin a chaitheamh ar an bpainéal moltóireachta mar Chathaoirleach, mar mholtóir, nó mar mheascán den dá ról.<br><br>Ní moltóir gníomhach é an Cathaoirleach ach bíonn vóta réitigh acu. Ní gá go mbeadh Gaeilge líofa ag an gCathaoirleach. Tá an Cathaoirleach freagrach as na critéir le barr feabhais a aithint a chur in iúl go soiléir ag gach cruinniú, agus a chinntiú go bhfuil sé soiléir do na moltóirí nach ionann barr feabhais agus an tóir atá ar leabhar nó an luach oideachais atá air. Freastalóidh Riarthóir Moltóireachta, a d'fhéadfadh a bheith mar bhall d'fheidhmeannas Leabhair Pháistí Éireann, ar gach cruinniú freisin ach ní chuirfidh siad leis an bplé ná ní bheidh vóta acu. Tá saoirse acu, áfach, ceisteanna a fhreagairt agus ceisteanna a shoiléiriú maidir le critéir incháilitheachta, na rialacha agus rialacháin agus gnásanna moltóireachta mar atá leagtha amach sa doiciméad beartais seo.<br><br>Ní mór do mholtóirí freastal ar gach cruinniú, agus aontófar dátaí na gcruinnithe roimh ré leis na moltóirí go léir. Sa chás nach féidir le moltóir freastal ar dháta réamheagraithe caithfidh siad dul i dteagmháil leis an Riarthóir Moltóireachta a luaithe is féidir. Ní mór do mholtóirí freastal ar na cruinnithe lena gcuid nótaí agus a bheith sásta a gcuid tuairimí a roinnt lena gcomh-mholtóirí ar an bpainéal. Más rud é, ar chúis ar bith neamhphleanáilte, nach bhfuil moltóir ar fáil le freastal ar chruinniú, ba chóir a gcuid nótaí a chur faoi bhráid an Riarthóra Moltóireachta roimh ré. |
| **COIMHLINTÍ LEASA** | Déanann Leabhair Pháistí Éireann gach iarracht coimhlintí leasa féideartha a aithint le linn roghnú an phainéil agus seachnaíonn siad cuireadh a thabhairt d'aon duine feidhmiú mar mholtóir i gcás ina bhfuil coimhlint shoiléir ann, mar shampla nuair atá baint ag moltóir féideartha le forbairt, eagarthóireacht nó foilsiú leabhair incháilithe, nó nuair is páirtí/céile, garghaol nó dlúthchara iad an moltóir féideartha le húdar nó le maisitheoir incháilithe.<br><br>Mar sin féin, tá sé dosheachanta i margadh beag foilsitheoireachta leabhar go mbeidh naisc ag moltóirí áirithe le húdair, maisitheoirí nó tithe foilsitheoireachta a bhfuil a gcuid leabhar incháilithe do na gradaim. Tá na moltóirí freagrach as cloí leis na caighdeáin eiticiúla agus ghairmiúla is airde ar fad. Caithfidh siad a bheith an-íogair do chásanna coimhlinte leasa chomh maith le bheith airdeallach nach bhfuil cuma mhígheanasach orthu, agus ba cheart go nochtfaidís láithreach don Chathaoirleach, don |

| | |
|---|---|
| | Riarthóir Moltóireachta agus, le linn díospóireachtaí ag cruinnithe, do na moltóirí eile, aon ghaolmhaireachtaí atá acu le húdair nó maisitheoirí a bhfuil a gcuid oibre á mheas do na gradaim. I gcásanna áirithe, b'fhéidir nach dtuigfeadh moltóir go bhfuil coimhlint leasa ann go dtí go bhfaighidís na leabhair nó go bhfuil siad i mbun moltóireachta orthu. I gcásanna den sórt sin ní mór don mholtóir Cathaoirleach an phainéil agus an Riarthóir Moltóireachta a chur ar an eolas láithreach. Má bhíonn coimhlint leasa ag an gCathaoirleach, ní mór dóibh é a fhógairt don Riarthóir Moltóireachta. Sa chás go gcaithfidh an Cathaoirleach a bheith as láthair ón bplé, feidhmeoidh an Riarthóir Moltóireachta mar Chathaoirleach ar an bpainéal moltóireachta.<br><br>Ní mór coimhlint leasa a dhearbhú i gcás ina bhfuil dlúthnasc pearsanta nó gairmiúil, gaol nó caidreamh ag moltóir le húdar nó maisitheoir leabhair incháilithe. Is féidir go mbainfeadh 'leas' le cúrsaí airgeadais nó neamhairgeadais (m.sh. caidreamh teaghlaigh, páirtithe, comhpháirtíochtaí gnó foirmiúla nó neamhfhoirmiúla, cairdeas pearsanta srl.).<br>Agus cinneadh á dhéanamh cibé an choimhlint é, tá sé tábhachtach freisin na tástálacha seo a leanas a mheas:<br>i. An bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar ag an 'leas' ar bhreithiúnas nó ar chinneadh an mholtóra?<br>ii. Cén tuairim a bheadh ag breathnóir seachtrach ar bhreithiúnas an mholtóra, mar a bhaineann sé leis an 'leas'?<br><br>Is féidir leis an gCathaoirleach iarraidh ar mholtóir an seomra a fhágáil/a micreafón a bhalbhú agus gan a bheith páirteach sa phlé nó sa vótáil ar leabhar ar leith dá bhféadfaí breathnú ar cheangal an mholtóra le húdar nó le maisitheoir mar choimhlint leasa agus go bhféadfaí dochar a dhéanamh do chaighdeán na ngradam agus do chlú Leabhair Pháistí Éireann. I gcásanna tromchúiseacha, is féidir iarraidh ar mholtóir éirí as an bpainéal moltóireachta.<br><br>Ba cheart aon cheisteanna maidir le coimhlintí leasa a chur faoi bhráid an Chathaoirligh. |
| **AN PRÓISEAS ROGHNAITHE** | Ag gach céim mhíosúil léitheoireachta, faigheann moltóirí idir cúig leabhar is fiche agus tríocha leabhar ar an meán a d'fhéadfaí a phlé ag an gcéad chruinniú eile. Ní mór do mholtóirí gach leabhar a léamh agus a mheas, agus nótaí scríofa mionsonraithe a dhéanamh. Ní mór nótaí na moltóirí a chur ar fáil don Riarthóir Moltóireachta mura bhfuil moltóir in ann freastal ar chruinniú. Ní gá do mholtóirí leabhair a thabhairt chuig an gcruinniú ina dhiaidh sin: beidh cóipeanna de na teidil atá á bplé ar fáil i Leabhair Pháistí Éireann nó ón Riarthóir Moltóireachta.<br><br>Roimh gach cruinniú, iarrann an Riarthóir Moltóireachta ar mholtóirí a rá má tá aon leabhar a d'fhéadfaí a chur i leataobh gan é a phlé, i.e., leabhair a gcreideann na moltóirí nach gcomhlíonann na critéir don bharr feabhais. Má aontaíonn gach moltóir d'aonghuth gur féidir leabhar a chur i leataobh, bainfear é agus ní féidir é a phlé. Mura bhfuil moltóir in ann leabhar a mheas ar chúis ar bith, ba cheart dó é sin a chur in iúl don Riarthóir Moltóireachta agus don Chathaoirleach. |

| | |
|---|---|
| | Ag gach cruinniú, iarrfaidh an Cathaoirleach tuairimí ó mholtóirí maidir le teideal ar leith. Tá sé riachtanach go gcoimeádfadh gach moltóir sonraí na gcruinnithe go hiomlán faoi rún. Níor cheart do mholtóir ar bith a roghanna féin, nó roghanna bhaill eile an phainéil, a phlé le haon duine lasmuigh den phainéal moltóirí ag aon chéim le linn an phróisis mholtóireachta nó ina dhiaidh. Ag gach cruinniú pléann na moltóirí na leabhair atá léite acu agus baineann siad aon cheann a aontaíonn siad go léir nár cheart tuilleadh machnaimh a dhéanamh orthu. Ag deireadh gach cruinnithe, aontóidh na moltóirí ar rogha teideal a chuirfear ar aghaidh lena bplé. I gcás ina bhfuil an painéal i sáinn agus nach féidir leo teacht ar chomhaontú faoi theideal áirithe, beidh an vóta réitigh ag an gCathaoirleach. Coimeádfaidh an Riarthóir Moltóireachta taifead de na cinntí sin.<br><br>Tá na leabhair sin a roghnaítear le cur ar aghaidh ag gach cruinniú mar bhunús leis an bhfadliosta, a phléitear ag an gcruinniú deiridh. Ag an gcruinniú seo déantar an fadliosta a bheachtú tuilleadh chun gearrliosta de suas le deich dteideal a thiomsú as.<br><br>Is féidir cruinnithe moltóirí a reáchtáil go pearsanta in oifigí Leabhair Pháistí Éireann nó in ionad ainmnithe, nó ar líne trí ardán físchomhdhála. |
| **CRUINNIÚ DEIRIDH NA MOLTÓIRÍ – VÓTÁIL AGUS GRADAIM** | Ag an gcruinniú deiridh, roghnaíonn na moltóirí an fadliosta agus an gearrliosta chomh maith le buaiteoirí gach gradaim. Déanfar sonraí an ghnáis don chruinniú deiridh a phlé leis na moltóirí roimh ré.<br><br>*Gnás an chruinnithe dheireanaigh*<br>Déantar na bearta seo a leanas ag cruinniú deiridh na moltóirí chun an fadliosta, an gearrliosta agus na gradaim dheiridh a bhaint amach.<br><br>*Céim 1*<br>Cuireann na moltóirí tús lena gcruinniú deiridh leis an liosta leabhar a cuireadh ar aghaidh, ina mbíonn na leabhair atá roghnaithe ag an bpainéal moltóirí le cur ar aghaidh óna gcruinnithe roimhe seo. Déanann an painéal moltóirí athbhreithniú ar gach teideal incháilithe agus déanann siad iad a mheasúnú de réir na gcritéar do na gradaim.<br><br>Pléitear gach leabhar go hachomair sula gcuirtear roinnt leabhar as an áireamh. Le taispeáint lámh a shocraítear leabhair a chur as an áireamh ag an gcéim seo; caithfidh tromlach an phainéil a bheith i bhfabhar leabhar a chur as an áireamh le go dtarlóidh sin.<br><br>Caithfidh an painéal oibriú i dtreo fadliosta a chur le chéile le suas le 20 teideal nó 18 teideal ar a laghad.<br><br>*Céim 2*<br>Ag an gcéim seo iarrfaidh an Cathaoirleach go bpléifí na teidil ar an bhfadliosta agus iarrfaidh sé ar mholtóirí aonair cás a dhéanamh ar son gach ceann de na teidil. Mura mbíonn deich dteideal ar an ngearrliosta ina dhiaidh sin, bogfaidh siad ansin go Céim 3. Má tá deich leabhar ar an |

ngearrliosta, a bhfuil gach moltóir sásta leis, is féidir Céim 3 a fhágáil ar lár, agus bogadh ar aghaidh go Céim 4.

*Céim 3*

D'fhéadfaí go n-iarrfaí ar mholtóirí scóráil a dhéanamh ar gach leabhar ar an ngearrliosta bunaithe ar na treoirlínte scórála réamhaontaithe thíos, nó is féidir leis an bpainéal aontú lena chéile trí phlé.

| | |
|---|---|
| 1–20 | Caighdeán an-lag, gan mórán a thairiscint don léitheoir. |
| 21–40 | Roinnt gnéithe spéisiúla ach míshásúil agus lochtach tríd síos. |
| 41–50 | Téacs agus/nó pictiúir sásúil ach easpa spéise agus ábhar mealltachta don léitheoir. |
| 51–60 | Sásúil agus dea-cheaptha ach lochtanna air. Caighdeán réasúnta sa téacs agus sna pictiúir. Ábhar spéise agus mealltacht theoranta don léitheoir. |
| 61–70 | Ardchaighdeán sa téacs agus/nó sna pictiúir. An coincheap agus a chur i gcrích láimhseáilte go sásúil. Meallann sé léitheoirí agus is ábhar spéise dóibh é ach tá easnaimh air. |
| 71–80 | Téacs agus/nó pictiúir ar ardchaighdeán. An coincheap agus a chur i gcrích láimhseáilte go sásúil ach tá lochtanna beaga air. |
| 81–90 | An coincheap agus a chur i gcrích déanta go han-mhaith cé go bhfuil roinnt mionchlistí i gcaighdeán an téacs agus na bpictiúr. Tarraingteach don léitheoir den chuid is mó ach ní éiríonn leis an t-eispéireas eisceachtúil buan atá á lorg ag na moltóirí a chur ar fáil. |
| 91–100 | Caighdeán fíormhaith sa téacs agus/nó sna pictiúir. Gan locht ar an gcoincheap ná ar an gcur i gcrích. Eispéireas leanúnach agus eisceachtúil curtha ar fáil don léitheoir. |

Faightear meánscór do gach leabhar, agus tugtar aird chuí ar theidil nach ndearna an painéal ar fad moltóireacht orthu, m.sh. teidil Ghaeilge. Liostaítear na teidil ansin ón scór is airde go dtí an scór is ísle agus cuirtear liosta rangaithe i láthair na moltóirí ansin, agus na fíorscóir glanta amach, ar chúiseanna tagartha.

*Céim 4*

Iarrann an Cathaoirleach ar na moltóirí ainmniúcháin a dhéanamh do gach ceann de na gradaim. Sa chás go n-ainmnítear níos mó ná teideal amháin do ghradam, iarrtar ar an ainmnitheoir na cúiseanna lena rogha a chur faoi bhráid an phainéil agus déantar gach ainmniúchán a phlé. Tar éis dóthain plé a dhéanamh, vótálann na moltóirí ar son a rogha i ngach catagóir, agus tugtar aird chuí arís ar leabhair nach bhféadfadh gach moltóir vóta a chaitheamh dóibh. Ní bhronnfar aon ghradam má mheasann an painéal moltóirí nach bhfuil aon leabhar incháilithe tar éis barr feabhais a bhaint amach. Faoi lánrogha an phainéil moltóirí a bhronntar gach gradam. Bronntar Gradam Eilís Dillon ar údar nó ar mhaisitheoir i gcás chéad leabhar do pháistí; má tá leabhar eile foilsithe ag an údar nó ag an maisitheoir nach bhfuil dírithe ar léitheoirí óga, ní

| | |
|---|---|
| | fhágfaidh sin nach mbeidh údar nó maisitheoir incháilithe don ghradam seo. Níl aon dualgas ar an bpainéal buaiteoir Ghradam Leabhar na Bliana a roghnú as buaiteoirí na ngradam eile.<br><br>*Céim 5*<br>Bunaítear an gearrliosta ar an liosta rangaithe. D'fhéadfadh an painéal moltóirí suas le deich leabhar a roghnú le cur ar an ngearrliosta, ach níl aon dualgas orthu deich gcinn a roghnú má bhraitheann siad go gcomhlíonann níos lú ná deich leabhar na critéir don bharr feabhais.<br><br>Fógraítear an fadliosta i mí Eanáir, fógraítear an gearrliosta i mí Feabhra agus fógraítear na buaiteoirí i mí Bealtaine. Cuirfear in iúl don teagmhálaí a fuarthas ón bhfoilsitheoir má tá a leabhar ar an bhfadliosta nó ar an ngearrliosta, agus is féidir le Leabhair Pháistí Éireann teagmháil dhíreach a dhéanamh le húdair agus maisitheoirí freisin, ach is é an foilsitheoir atá freagrach as teagmháil dhíreach a dhéanamh leis na healaíontóirí. Má chuirtear leabhar ar an ngearrliosta, ní mór d'fhoilsitheoirí daichead cóip de gach teideal ar an ngearrliosta a sholáthar saor in aisce ar mhaithe le bolscaireacht a dhéanamh, nuair a thugtar fógra faoin ngearrliosta. Ní mór d'fhoilsitheoirí a bheith in ann a dhearbhú go mbeidh na teidil atá curtha isteach fós i gcló agus ar fáil tráth an ghearrliostaithe agus ní hamháin le linn an phróisis aighneachta. |
| **MOLTÓIRÍ SÓISEARACHA** | Soláthraíonn Scéim na Moltóirí Sóisearacha bealach ar leith do ghrúpaí scoile/leabharlainne/clubanna leabhar chun dul i ngleic le Gradaim KPMG Leabhair Pháistí Éireann. Idir lá fógartha an ghearrliosta agus an spriocdháta d'ainmniúcháin do phainéal na Moltóirí Sóisearacha a chur isteach, gheobhaidh gach painéal moltóirí tacaíocht iomlán ó Leabhair Pháistí Éireann ar an nguthán agus ar ríomhphost. Seolfar pacáistí cuimsitheacha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí agus acmhainní a bhaineann leis na leabhair ar an ngearrliosta, chuig gach grúpa rannpháirteach. Tá sé saor in aisce a bheith páirteach sna Moltóirí Sóisearacha. Roghnaíonn gach grúpa cé acu de na teidil ar an ngearrliosta a léifidh siad. D'fhéadfaidís a oiread nó a laghad leabhar agus is mian leo a léamh; b'fhéidir go roghnódh grúpaí áirithe gan leabhair áirithe a léamh ar chúiseanna a bhaineann le soláthar leabhar, teanga (i gcás leabhar Gaeilge), leibhéal teanga, téamaí, nó an méid ama atá acu chun na leabhair a léamh. Léann agus pléann gach grúpa na teidil roghnaithe ar an ngearrliosta agus líonann siad foirm bhallóide mhionsonraithe le cur ar ais chuig Leabhair Pháistí Éireann roimh an spriocdháta sonraithe, lena n-áirítear a scór comhaontaithe do gach leabhar ar an ngearrliosta. Ní mór do ghrúpaí a chur in iúl mura bhfuil aon teideal léite acu. Déantar meán na scór do gach leabhar chun buaiteoir Ghradam na Moltóirí Sóisearacha a roghnú. Is féidir eolas níos mionsonraithe a fháil ar ár suíomh gréasáin sna ceisteanna coitianta do na Moltóirí Sóisearacha. |
| **SEARMANAS NA nGRADAM** | Seo a leanas an t-ord reatha do shearmanas bronnta na ngradam:<br>1. Gradam Onóra don Fhicsean<br>2. Gradam Onóra don Mhaisiú<br>3. Gradam Eilís Dillon<br>4. Gradam Speisialta na Moltóirí<br>5. Gradam na Moltóirí Sóisearacha |

| | |
|---|---|
| | 6. Gradam Leabhar na Bliana |
| **DEISEANNA RANNPHÁIRTÍOCHTA DO DHAOINE ÓGA** | Tugtar cuireadh i gcónaí do ghrúpaí daoine óga a ghlac páirt sna Moltóirí Sóisearacha páirt a ghlacadh sa searmanas. Tá roinnt bealaí ar féidir leis na grúpaí seo a bheith páirteach, agus d'fhéadfadh seo athrú ó bhliain go bliain:<br>• Lucht féachana ag an searmanas<br>• Léitheoirí óga mar láithreoirí Ghradam na Moltóirí Sóisearacha<br>• Sleachta á léamh ag léitheoirí óga do Ghradam na Moltóirí Sóisearacha<br>• Sliochtanna arna gcumadh agus arna léamh ag léitheoirí óga.<br>• Imeachtaí le húdair/maisitheoirí agus grúpaí roimh agus le linn sheachtain an tsearmanais<br>• Bualadh leis na healaíontóirí ar an ngearrliosta tar éis an tsearmanais.<br>• Píosaí scannáin réamhthaifeadta de ghrúpaí ag plé a dtaithí ar scáthfhoghlaim<br>• Ceardlanna deonacha corparáideacha scoile na Moltóirí Sóisearacha |

| | **NÓTAÍ MOLTÓIREACHTA** |
|---|---|
| **NÓTAÍ GINEARÁLTA MOLTÓIREACHTA** | Iarrtar ar na moltóirí na teidil go léir a cuireadh isteach a léamh ina n-iomláine. Mar sin féin, má bhraitheann moltóir tráth ar bith, tar éis dóibh a dhóthain ama a thabhairt do theideal, nach measann siad go bhfuil an tairseach don bharr feabhais bainte amach ag leabhar, is féidir leo stopadh de bheith á léamh agus nóta a dhéanamh dó sin. |
| **NÓTAÍ AR LEABHAR LE NÍOS MÓ NÁ CRUTHAITHEOIR AMHÁIN A MHEAS** | I gcásanna áirithe, ní shásaíonn ach duine amháin as beirt nó níos mó cruthaitheoirí leabhar na critéir incháilitheachta: gur rugadh in Éirinn iad, go bhfuil siad ina gcónaí go buan in Éirinn nó gur saoránach Éireannach iad. Cáileoidh leabhair sna cásanna seo ar bhonn obair an chomhoibritheora Éireannaigh agus is féidir leis na moltóirí an leabhar a mheas ina iomláine seachas iarracht a dhéanamh ar dhearcadh gach ealaíontóra a dhéanamh amach agus a mheas ina aonar.<br><br>I gcás Ghradam Eilís Dillon do chéad leabhar do pháistí, an Gradam Onóra don Fhicsean, agus an Gradam Onóra don Mhaisiú, ealaíontóir Éireannach amháin a bheidh i dteideal an bhua. Is féidir Gradam Eilís Dillon a bhronnadh ar údar nó maisitheoir Éireannach atá ag obair i gcomhar le healaíontóir a d'fhoilsigh saothar do pháistí cheana féin má tá an painéal moltóirí sásta go bhfuil obair an ealaíontóra Éireannaigh láidir go leor leis an ngradam a bhuachan.<br><br>I gcás Ghradam Leabhar na Bliana, ní mór do na moltóirí breithiúnas a thabhairt ar an leabhar ina iomláine, beag beann ar náisiúntacht agus dá bhrí sin incháilitheacht na n-ealaíontóirí, ar an gcoinníoll go bhfuil ar a laghad duine amháin de na healaíontóirí incháilithe. I gcás leabhair a chruthaigh ealaíontóir Éireannach i gcomhar le healaíontóir neamh-Éireannach, bronnfar |

<table>
<tr><td></td><td>Gradaim KPMG Leabhair Pháistí Éireann ar an leabhar agus tabharfar gradam don bheirt ealaíontóirí. Roinnfear aon duais airgid go cothrom ar na healaíontóirí rannpháirteacha go léir. Bronnfar Gradam na Moltóirí Sóisearacha agus Gradam Speisialta na Moltóirí ar an mbealach seo freisin.</td></tr>
<tr><td>TÉACSANNA LE LÉARÁIDÍ A MHEAS</td><td>Ba cheart an chaoi a n-oibríonn pictiúr agus téacs le chéile a chur san áireamh agus buaiteoirí féideartha á meas. D’fhéadfaí pictiúir atá curtha leis an téacs scríofa ach nach gcuireann go mór leis an scéal a mheas ar a gcaighdeán ealaíne amháin. Ní mór aontacht chomhchoiteann sa scéal, téama nó coincheap a bheith i bpictiúrleabhar, arna fhorbairt tríd an tsraith pictiúr as a bhfuil an leabhar comhdhéanta.
<ul>
<li>Ní mór caighdeán comhsheasmhach a bheith i ngach pictiúr sa leabhar</li>
<li>Caithfidh an stíl ealaíne agus na heilimintí ealaíne - dath, líne, cruth agus uigeacht - a bheith ag teacht leis an téacs nó leis an smaoineamh scríofa.</li>
<li>Ba chóir go gcabhródh na pictiúir sa leabhar leis an léitheoir a mhealladh go hiomlán agus bá a bheith acu do na carachtair</li>
<li>Ba chóir go léireodh an pictiúr barr feabhais maidir le cur i gcrích na dteicnící ealaíne a úsáidtear</li>
<li>Ba chóir go léireodh an pictiúr barr feabhais maidir le léirmhíniú an scéil, an téama nó an choincheapa</li>
</ul>
Ba chóir go mbeadh na pictiúir fite fuaite go hiomlán leis an téacs ar fad ar an leathanach agus ba chóir go gcuirfeadh siad leis an scéal. Ba cheart go soláthródh leagan amach na bpictiúr cothromaíocht idir spás agus téacs.</td></tr>
<tr><td>TÉACSANNA NEAMHFHICSIN A MHEAS</td><td><ul>
<li>Agus ábhair fhíorasacha á ndoiciméadú, caithfidh an fhaisnéis sonraí cruinne, staid reatha an eolais agus taighde cruinn a léiriú.</li>
<li>Caithfidh táblaí, léaráidí agus graif a bheith soiléir.</li>
<li>I gcás leabhar faisnéise, caithfidh léaráidí a bheith cruinn agus soiléir.</li>
<li>Ba chóir an téacs, grafaic agus léaráidí a bheith comhtháite chun suim a spreagadh agus chun tuiscint ar an topaic a fheabhsú.</li>
<li>Ní mór an leagan amach a bheith soiléir, agus aird a bheith tugtha ar an tslí a mbéarfaidh an léitheoir an t-eolas leo ón leathanach.</li>
<li>Ba chóir an t-innéacsú, gluais, amlíne nó leabharliosta a bheith cruinn.</li>
</ul></td></tr>
</table>

## TREORACHA D'FHOILSITHEOIRÍ LEABHAR

Lean **na cúig chéim seo thíos** le teideal a chur isteach ar na gradaim:

| | |
|---|---|
| **CÉIM 1** | Léigh Beartas Ghradaim Leabhair Pháistí Éireann KPMG le sonraí a fháil faoi na gradaim, na critéir incháilitheachta, an próiseas measúnaithe srl. |
| **CÉIM 2** | Léigh na nótaí maidir le gnásanna aighneachta in 2026 thíos:<br>• ní féidir teidil a léamh agus a mheas ach i gcóip chrua, ní ghlacfar le comhaid pdf,<br>• ní mór teidil a chur isteach nuair a fhoilsítear iad nó laistigh de 2 mhí ón dáta sin. Ní mór teidil a fhoilsítear idir Eanáir 2026 agus Meitheamh 2026 a chur isteach lena mbreithniú faoin 26ú Meitheamh agus ní ghlacfar leo tar éis an dáta seo ach amháin má dhéantar comhaontú roimh ré,<br>• ní mór teidil a fhoilsítear idir Iúil 2026 agus 30ú Meán Fómhair 2026, a chur isteach lena mbreithniú faoin 30ú Meán Fómhair,<br>• maidir le gach teideal a fhoilseofar tar éis 30 Meán Fómhair, déan teagmháil le Ruth ag publications@childrensbooksireland.ie chun plean taiscthe a chur i dtoll a chéile<br>• caithfear **16 chóip** a chur isteach in aghaidh an teidil. |
| **CÉIM 3** | Líon gach cuid den **fhoirm taiscthe** agus cuir chuig Ruth é ag publications@childrensbooksireland.ie |
| **CÉIM 4** | Seol taiscthí chugainn chomh luath agus is féidir chuig:<br>**Ruth Concannon,**<br>Bainisteoir Foilseachán<br>**Gradaim KPMG Leabhair Pháistí Éireann,**<br>**17 Sráid Mhór Sheoirse Thuaidh,**<br>**Baile Átha Cliath 1,**<br>**D01 R2F1**<br>**ÉIRE**<br>**+353 1 8727475**<br><br>**Uimhir EORI: EI6552405K**<br><br>• measfar taiscthí gan foirm taiscthe líonta in aghaidh an teidil a bheith neamh-incháilithe (is féidir iad seo a sheoladh ar ríomhphost chuig publications@childrensbooksireland.ie)<br>• ní mór cloí leis an sceideal atá leagtha amach i gCéim 2<br>• **iarrtar ort na leabhair agus na foirmeacha cuí a chur isteach chomh luath agus is féidir mar chabhair don phróiseas moltóireachta.** |
| **CÉIM 5** | Má chuirtear ar an ngearrliosta iad, ní mór d'fhoilsitheoirí teagmháil dhíreach a dhéanamh le gach ealaíontóir agus **40 cóip** den teideal/na teidil ar an ngearrliosta a chur chuig an seoladh thíos nó chuig seoladh ainmnithe eile laistigh de choicís tar éis fógra a fháil. |

## SPRIOC-UAIREANTA

Moltar d'fhoilsitheoirí teidil a chur isteach chomh luath agus is féidir chun a chinntiú go mbíonn go leor am léitheoireachta ag baill an phainéil moltóirí. Tosaíonn an léitheoireacht i mí Aibreáin 2026.

Ní mór do leabhair a bheith faighte ag Leabhair Pháistí Éireann – nó faighte ag seoladh ainmnithe faoin **30ú Meán Fómhair 2026, mura bhfuil comhaontú déanta roimh ré**. Ní ghlacfar le haighneachtaí déanacha agus/nó le haighneachtaí neamhiomlána.

Más le linn deireadh seachtaine nó ar saoire reachtúil a thiteann an dáta seo, bogtar an spriocdháta go dtí an chéad lá gnó eile.

Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le do thoil le:

Ruth Concannon
**Bainisteoir** Foilseachán
Leabhair Pháistí Éireann
publications@childrensbooksireland.ie
+353 1 8727475

Foirm

## Ghradaim KPMG Leabhair Pháistí Éireann 2026

Féach Beartas Ghradaim KPMG Leabhair Pháistí Éireann roimh aon teideal a chur isteach

| | |
|---|---|
| Teideal | |
| Údar<br>(Cuir beathaisnéis i gceangal leis seo) | |
| Maisitheoir<br>(Cuir beathaisnéis i gceangal leis seo) | |
| Foilsitheoir | |
| Dáta foilsithe | |

Cé atá incháilithe do na gradaim aonair? Údar (amháin) ☐ Maisitheoir (amháin) ☐ Beirt acu ☐
An é seo an chéad leabhar do pháistí ag an ... Údar (amháin) ☐ Maisitheoir (amháin) ☐ Beirt acu ☐

Dearbhaím gurb Éireannach iad ____________(údar) agus/nó ______________ (maisitheoir), nó gur saoránach Éireannach iad nó go bhfuil siad ina gcónaí go buan in Éirinn. Is gá fianaise saoránachta nó fianaise maidir le seoladh baile a chur ar fáil má iarrtar iad.

Dearbhaím gur foilsíodh an teideal seo den chéad uair in Éirinn nó thar lear idir 1ú Eanáir 2026 agus 31ú Nollaig 2026.

Dearbhaím go bhfuil an teideal seo ar fáil in Éirinn faoi láthair agus go mbeidh sé ar fáil agus i gcló fós nuair a fhógrófar an gearrliosta (iarrtar ort sonraí ar dháileadh agus ar ionaid díolacháin a thabhairt)

Geallaim cloí leis na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le Gradaim KPMG Leabhair Pháistí Éireann.

Sínithe: __________________________ Ainm i gcló: ____________________________

Seoladh: ___________________________________________________________________________
___________________________________________________________________________________
Fón: ____________________________________
Ríomhphost: ________________________________________
Dáta: __________________________________________

**Téigh i dteagmháil le Leabhair Pháistí Éireann ar +353 1 8727475 nó publications@childrensbooksireland.ie má tá aon cheist agat. Coimeádann Leabhair Pháistí Éireann an ceart acu féin aon teideal a chur san áireamh nó a chur as an áireamh do na gradaim. www.childrensbooksireland.ie**

leabhair
pháistí
éireann
ag cothú léitheoirí

every child a reader • ag cothú léitheoirí •

**childrensbooksireland.ie**

@KidsBooksIrel
@kidsbooksirel
@childrensbooksireland
Children's Books Ireland
@kidsbooksirel
@childrensbooksireland.ie

childrensbooksireland.ie
info@childrensbooksireland.ie
T: +353 (1) 872 7475
Children's Books Ireland, First Floor,
17 North Great George's Street, Dublin 1, D01R2F1